# Office of Public Works

# Statement of Strategy

# (2015-2017)

The Office of Public Works is in the positive position of being able to make a real contribution to the economic recovery of our country. This Statement of Strategy sets out the Office's high-level goals for the next three years. These goals are aimed at focussing the Office's contribution to Government policy in general and in the area of public sector reform in particular.

The Government is committed to public sector reform leading to a public service that is better integrated, responsive, efficient and more focused on strategic goals, on service users and on reducing the cost of delivering public services. The OPW's Statement of Strategy outlines our contribution to these reforms over this period.

The OPW's two main business areas are (1) Estate Portfolio Management, which encompasses Heritage Services and (2) Flood Risk Management. These business areas are supported by Corporate Services. Innovation and efficiencies in the OPW's business areas will contribute positively to Government's reform of the public sector.

Government aims to deliver greater value through more efficient management of the Government estate. This will be achieved through public service bodies sharing accommodation with one another and use of modern open-plan layouts, facilitating new ways of working. This will require a smaller property footprint, allowing savings both by surrendering leases and by using more modern, energy efficient buildings. The OPW will play a leading role in achieving this rationalisation. The Chairman of OPW is the Senior Responsible Owner of Public Service Reform in relation to property. The Property Asset Management Delivery Plan is an ambitious programme of reforms, offering the potential for significant savings to the exchequer.

During the period of this Statement of Strategy, the OPW will complete the systematic national assessment of areas at risk of flooding, publish maps to identify those areas and finalise prioritised flood risk management measures to mitigate risks. OPW will develop an implementation strategy for Government setting out how these mitigation measures may be implemented, contingent upon appropriate resources being available to deliver the programme.

Since taking up my role in the OPW, I have been impressed by the team of staff and their professionalism, openness and commitment to change. I look forward to working with them on delivering the ambitious objectives laid out in this Statement of Strategy.

**Simon Harris, T.D**
**Minister of State**

***Mission:** To use our experience and expertise to provide effective, sustainable and innovative services to the public and to our clients with dedication, professionalism and integrity, as directed by Government*

# Strategic Functions

## Estate Portfolio Management

***Vision:** To set the standard for the management, maintenance, design, sourcing and conservation of the State Property and Heritage Portfolio and to lead the development of a national strategy, protocols and standards for maximising shared and efficient usage of high quality accommodation across the Public Service at a reduced cost*

| Programmes | Objectives | Outcomes |
|---|---|---|
| Manage and maintain the existing portfolio through appropriate strategic acquisitions and disposals to meet the operational needs of Clients and to add value for the State | Develop a comprehensive Property Asset Management strategy, comprising:<br>• Rationalisation, re-investment and maintenance options for the property portfolio<br>• An asset management strategy in place to manage State property disposal<br>• Establish a 20-year strategy for all OPW owned property | • Reduced cost of rental and related costs to the State<br>• Accommodation designed to facilitate improved service delivery<br>• Savings to the State arising from a planned disposal programme<br>• Property solutions for clients provided in a planned manner consistent with a 20-year strategy for all OPW owned property |
| Lead implementation of the actions in the Property Asset Management Delivery Plan | Enhance the strategic capacity and capability in property asset management across the Public Service and streamline property asset management administration | A 'whole-of-Government' approach to managing the State's property assets and providing a strategic property solutions service |
| Apply planned and preventative maintenance across the OPW portfolio | Reactive building maintenance service replaced by planned & preventative maintenance programmes, informed by building condition assessments | Strategic approach to maintenance on a planned basis to cover all buildings over a period of time |
| Progress the energy awareness campaign in line with the Government's carbon reduction commitments | Rolling out the Optimising Power @ Work Programme across the public service | Plan in place for increasing existing energy savings with a view to achieving Government target for 2020 |
| Engage in the ongoing maintenance and conservation of National Monuments and Heritage properties in State care and manage their operation and presentation to visitors | • Achieve world class outcomes in conservation and uphold excellent heritage site management standards<br>• Increase visitor footfall at heritage sites, resulting in greater resources for reinvestment<br>• Ensure the necessary professional, technical and craft skills are available to meet the Government commitment to heritage conservation | • Increased awareness of and commitment to Ireland's Heritage<br>• Improved support for and participation in the Tourism economy<br>• Greater recognition of value of OPW heritage brand<br>• Greater utilisation of the State Heritage Portfolio as an educational and employment resource |
| Implement the actions in the Government Policy on Architecture | Provide technical advice to Government and agencies, promote quality in the built environment, sustainability, public awareness, education and research | Act as point of reference in the dissemination of knowledge and expertise, lead by example and publish research and guidance documents |
| Implement building programmes to provide quality built accommodation and facilities for Government and State clients | Provide design and management services for the Government & State clients' building & property needs in support of the Property Asset Management strategy | Provide design excellence, construction and support services that are of the highest standard in terms of quality, cost and programme |

## Flood Risk Management

***Vision:** To minimise the impacts of river and coastal flooding on society, households, businesses and the environment through the provision of flood risk guidance and advice in the area of sustainable planning, assisting the development of resilient communities and implementation of effective mitigation measures for areas at risk*

| Programmes | Objectives | Outcomes |
|---|---|---|
| Coordinate an integrated, 'whole-of-Government' approach to flood risk management | Deliver appropriate flood risk policy advice, proposals, strategies and plans | An integrated, 'whole-of-Government' approach to Flood risk management based on appropriate national policies, sectoral strategies, & coordinated actions set out in Flood Risk Management Plans |
| Implement CFRAM Programme and related risk assessment and management initiatives | Define long-term strategies for flood risk management, taking account of the potential aspects of climate change | A prioritised programme of capital investment for the protection of communities |
| Provide an Advisory Service to DECLG and Planning Authorities | Support sustainable planning and development | Reduced new development in flood prone areas and sustainable redevelopment of urban centres |
| Implement Capital Flood Defence, Coastal Protection and Arterial Drainage Maintenance Schemes and support local authorities in delivering some major and minor works | Flood Relief Schemes (at varying stages of design, planning, implementation & completion), effective drainage channels and embankments and local solutions for local flood problems | Protection of property, transport infrastructure and productive agricultural land in areas prone to flooding contributing to the sustainability of local communities |
| Assist the public to prepare for and recover from flooding | Support local resilience initiatives and develop public flood risk data and information services | Safer, resilient communities that are prepared for, and can recover from, flood events |

| Key Enablers | | |
|---|---|---|
| **People, Processes, Organisational Structures** | **Corporate Governance and (Financial) Resources** | **Technology & Shared Services** |
| Strengthen capacity and capabilities, performance management, leadership and skills | Improve financial / resource management, performance evaluation and outcome measurement | Improve use of technology to facilitate and drive excellent performance & customer service |
| Match processes and structures to deliver more effectively through Business Transformation | Enhance risk management performance, accountability and (internal) financial controls | Generate greater efficiencies through ICT – implement records management system. |
| Engage and communicate more effectively at all levels | Improve business management information and reporting | Participate in all Shared Services initiatives |
| Increase in flexibility, efficiency and innovation, progressing Public Service Reform | Deliver value for money | Deliver Shared Services as required |
| Build capacity to respond to challenges and improve performance through implementation of the Civil Service Renewal Plan | Enhance the existing OPW brand across all areas of the Office | |

## Operating Environment

The Office's principal asset in the delivery of quality service is the professionalism and expertise of its staff across a very wide skills spectrum. It conducts its business in a complex and challenging operating environment. Many factors, both internal and external, contribute to this complexity and were considered in development of this Statement of Strategy.

| Internal | |
|---|---|
| • *Regulatory Clarity*<br>• *Corporate Governance*<br>• *Customer-facing*<br>• *Employees*<br>• *Culture*<br>• *Diversity*<br>• *Range of Skills & Expertise*<br>• *National Reach*<br>• *Ability to Respond*<br>• *Established Brand* | • *Emergent Specialist Knowledge Gaps*<br>• *Reduced Staff Numbers*<br>• *Succession Planning*<br>• *Range of Diverse Activities*<br>• *Internal Communications*<br>• *Geographic Spread* |
| **Cross-Departmental/ Organisational** | **External** |
| • *Shared Service*<br>• *Property Asset Management Delivery Plan*<br>• *Flood Risk Management*<br>• *Procurement*<br>• *Tourism & Leisure*<br>• *Government Architectural Policy*<br>• *Optimising Power @Work* | • *The Public*<br>• *Economic Environment*<br>• *Property Market*<br>• *Construction Industry*<br>• *Public Service Reform/ Civil Service Renewal*<br>• *Reduction in Public Service Numbers*<br>• *Budget Reductions*<br>• *Regulatory Framework*<br>• *International Comparators* |

## Chairman's Statement

The Office of Public Work's (OPW) remit covers the two main functional areas of Estate Portfolio Management (including Heritage Services) and Flood Risk Management. This Statement of Strategy sets out the objectives of the OPW in its areas of responsibility for the years 2015 to 2017.

In relation to Estate Portfolio Management we aim to be the recognised leader in the management and conservation of our buildings and heritage. Efforts to rationalise our property portfolio, reduce maintenance costs and release properties will be a priority. Opportunities to present our Heritage Sites to greater numbers and using new technologies will be explored.

The OPW is the lead agency for flood risk management in Ireland. It is our aim to minimise the impacts of river and coastal flooding on society, households, businesses and the environment, through the provision of flood risk guidance and advice in the area of sustainable planning, assisting the development of resilient communities and implementation of effective mitigation measures for areas at risk.

These functional areas place us at the centre of the Government's public sector reform goals. The Public Service Reform Plan 2014-2016 addresses a wide range of issues such as:

- Implementation of shared services models for HR, payroll, pensions, etc.
- Evaluation of new business models for the delivery of non-core services
- Property rationalisation
- Reducing costs, addressing duplication and eliminating waste to support job creation.

The OPW is fully committed to the ongoing programme of change in the Civil Service which seeks to build capacity to respond to existing and future challenges and improve the performance of the Civil Service and its staff. The Civil Service Renewal Plan provides the framework for renewing the Civil Service over the next three years. The Plan outlines a vision for the Civil Service and practical changes that will create a more unified, professional, responsive and open and accountable Civil Service, providing a world-class service to the State and to the people of Ireland. Strong leadership and active participation in implementing this programme of change will be a key focus over the period. The OPW will seek to ensure that its industrial workforce is included within this renewal process.

The OPW has set out its objectives and plans for achieving reform in all of these areas. In conjunction with delivering the objectives set out in this Statement of Strategy, staff in the OPW will, on an ongoing basis, examine every aspect and function of the business activities being carried out and identify opportunities for greater effectiveness and efficiency. We are engaging with our stakeholders across the wider public service to ensure that these efficiencies will be delivered.

The OPW has been charged with leading the operational aspects of the public service reform agenda in the area of strategy for our own property. While this will be a challenge for us over the coming three years I know that our staff are more than equal to the challenges that face us and that we can draw on the resilience, flexibility and diligence of all within the OPW to ensure that greater value for money is provided for the taxpayer in all our areas of operation.

Clare McGrath
Chairman

# Ráiteas Straitéise

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# (2015-2017)

Tá seasamh maith ag Oifig na nOibreacha Poiblí mar go bhfuil tionchar i ndáiríre in ann a bheith ag an Oifig maidir le téarnamh eacnamaíoch ár dtíre. Leagtar amach leis an Ráiteas Straitéise seo spriocanna ardleibhéil na hOifige do na chéad trí bliana eile atá amach romhainn. Tá na spriocanna sin dírithe ar an méid a chuireann an Oifig le beartais Rialtais go ginearálta agus le hathchóiriú na hearnála poiblí go sonrach.

Tá an Rialtas tiomanta d'athchóiriú na hearnála poiblí as a leanfaidh seirbhís phoiblí a bheidh níos lánpháirtithe, níos freagraí, níos éifeachtúla agus a bheidh níos dírithe ar spriocanna straitéiseacha, ar úsáideoirí seirbhíse agus ar chostas sheachadadh na seirbhísí poiblí a laghdú. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise Oifig na nOibreacha Poiblí mar a chuirfimid leis na hathchóirithe sin thar an tréimhse seo.

Is ionann an dá phríomhréimse gnó atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí mar atá (1) Portfóilió Eastát a Bhainistiú, Seirbhísí Oidhreachta san áireamh agus (2) Bainistiú Riosca i gcás Tuilte. Faigheann na réimsí gnó sin tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáide. Cuirfidh nuálaíocht agus éifeachtúlacht i réimsí gnó Oifig na nOibreacha Poiblí go dearfach le hathchóiriú an Rialtais ar an earnáil phoiblí.

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas luach níos fearr a chinntiú trí bhainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar eastát an Rialtais. Cinnteofar é sin trí chomhlachtaí seirbhíse poiblí a bheith ag roinnt cóiríochta lena chéile agus iad ag baint leasa as leagan amach plean oscailte nua-aimseartha, ag éascú bealaí nua chun bheith i mbun oibre. Éileoidh sé sin go mbeidh gá le níos lú maoine a bheith inár seilbh, agus beidh coigiltis i gceist do gach aon dream trí léasanna a ghéilleadh agus trí fhoirgnimh níos nua-aimseartha agus atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a úsáid. Beidh ról ceannais ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun a chinntiú go dtarlóidh sé sin. Is ionann Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí agus Úinéir Freagrach Sinsearach an Athchóirithe ar an tSeirbhís Phoiblí i ndáil le maoin. Is clár uaillmhianach d'athchóirithe é an Plean Seachadta Bainistithe Sócmhainní Maoine, agus tá an cumas ann coigiltis ollmhóra a chinntiú don státchiste.

I rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo, tabharfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí measúnú náisiúnta córasach chun críche i leith ceantar lena mbaineann baol tuilte, foilseofar léarscáileanna chun na ceantair sin a aithint agus tabharfar bearta tosaíochta bainistithe riosca i gcás tuilte chun críche chun baol a mhaolú. Forbróidh Oifig na nOibreacha Poiblí straitéis feidhmiúcháin don Rialtas ina leagfar amach mar a fhéadfar na bearta maolaithe sin a fheidhmiú, agus braithfidh sin ar acmhainní cuí a bheith ar fáil chun an clár a sheachadadh.

Ó ghlac mé leis an ról atá agam in Oifig na nOibreacha Poiblí, tá an fhoireann oibre tar éis dul i gcion go mór orm mar gheall ar a ngairmiúlacht, a n-oscailteacht agus a dtiomantas i dtreo an athraithe. Táim ag súil go mór oibriú leo chun na cuspóirí uaillmhianacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo a sheachadadh.

**Síomón Ó hEarchaí, TD**
**Aire Stáit**

***Misean:** Leas a bhaint as ár dtaithí agus as ár saineolas chun seirbhísí éifeachtacha, inbhuanaithe agus nuálacha a sholáthar don phobal agus dár gcliaint le dúthracht, gairmiúlacht agus ionracas, faoi mar a ordaíonn an Rialtas.*

.

# Feidhmeanna Straitéiseacha

## Portfóilió Eastát a Bhainistiú

***Fís:** An caighdeán a leagan síos do bhainistiú, do chothabháil, do dhearadh, d'fhoinsiú agus do chaomhnú Phortfóilió Oidhreachta agus Maoine an Stáit agus forbairt straitéisí, prótacail agus caighdeáin náisiúnta a stiúradh chun úsáid roinnte agus éifeachtúil cóiríochta d'ardchaighdeán a uasmhéadú feadh na Seirbhíse Poiblí ar chostas laghdaithe*

| Cláir | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| An portfóilió reatha a bhainistiú agus a chothabháil trí fháil agus diúscairt straitéiseach cuí chun freastal ar riachtanais oibríochta na gCliant agus chun luach breise a chur ar fáil don Stát. | Straitéis chuimsitheach um Bainistiú Sócmhainní Maoine a fhorbairt::<br>• Roghanna maidir le réasúnú, athinfheistiú agus cothabháil don phortfóilió maoine<br>• Straitéis um bainistiú sócmhainní in áit chun diúscairt maoine an Stáit a bhainistiú<br>• Straitéis 20 bliain a bhunú do gach maoin atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí | • Laghdú ar chostas cíosa agus ar chostais ghaolmhara don Stát<br>• Cóiríocht a bheadh deartha chun seachadadh seirbhíse níos fearr a éascú<br>•Coigilitis don Stát ó chlár diúscartha beartaithe<br>• Réitithe maoine do chliaint a bheadh soláthraithe ar shlí bheartaithe agus a bheadh ag teacht le straitéis 20 bliain don mhaoin uile atá faoi úinéireacht OOP |
| A bheith chun cinn ó thaobh fheidhmiú na ngníomhartha sa Phlean Seachadta um Bainistiú Sócmhainní Maoine | Acmhainn agus cumas straitéiseach maidir le bainistiú sócmhainní maoine a fheabhsú fud fad na Seirbhíse Poiblí agus riarachán um bainistiú sócmhainní maoine a luathú | Cur chuige 'Rialtais Iomláin' maidir le sócmhainní maoine an Stáit a bhainistiú agus seirbhís réitigh maoine straitéiseach a sholáthar |
| Cothabháil bheartaithe agus choisc a fheidhmiú feadh phortfóilió Oifig na nOibreacha Poiblí | Cláir chothabhála atá pleanáilte agus coisctheach a chur in ionad na seirbhíse frithghníomhaí um chothathail foirgneamh agus measúnú ar staid na bhfoirgneamh ag cur bonn eolais fúthu | Cur chuige straitéiseach maidir le cothabháil ar bhonn beartaithe chun gach foirgneamh a chlúdach thar thréimhse ama |
| An feachtas feasachta fuinnimh a chur chun cinn chun teacht le tiomantais an Rialtais maidir le laghdú carbóin | An Clár chun barr feabhais a bhaint as Cumhacht @ an Obair a leathadh amach fud fad na seirbhíse poiblí | Plean a bheith in áit chun cur le coigiltis fuinnimh reatha in iarracht sprioc an Rialtais a bhaint amach do 2020 |
| A bheith gníomhach ar bhonn leanúnach le cothabháil agus caomhnú ar Shéadchomharthaí Náisiúnta agus ar mhaoine Oidhreachta atá faoi chúram an Stáit agus a n-oibriú agus a gcur i láthair do chuairteoirí a bhainistiú | • Torthaí den scoth a bhaint amach ó thaobh cúrsaí caomhnaithe agus sárchaighdeáin a choimeád i ndáil le láithreáin oidhreachata a bhainistiú<br>• Níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig láithreáin oidhreachta, rud a chinnteodh go mbeadh acmhainní níos mó ann le hathinfheistiú<br>• A chinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha gairmiúla, teicniúla agus ceirde ar fáil chun freastal ar thiomantas an Rialtais maidir le caomhnú oidhreachta | • Níos mó feasachta ar Oidhreacht na hÉireann agus níos mo tiomantais d'Oidhreacht na hÉireann<br>• Tacaíocht níos fearr don gheilleagar Turasóireachta agus níos mó rannpháirtíochta ann<br>• Aitheantas níos fearr do luach branda oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí<br>• Níos mó úsáide as Portfóilió Oidhreachta an Stáit mar acmhainn oideachais agus fostaíochta |
| Na gníomhartha i mBeartas an Rialtais maidir leis an Ailtireacht a fheidhmiú | Comhairle theicniúil a sholáthar don Rialtas agus do ghníomhaireachtaí, ardchaighdeán sa timpeallacht thógtha, inbhuanaitheacht, feasacht phoiblí, oideachas agus taighde a chur chun cinn | Gníomhú mar phointe tagartha agus eolas agus saineolas á scaipeadh, a bheith mar eiseamláir agus cáipéisí taighde agus treoracha a fhoilsiú |
| Cláir thógála a fheidhmiú chun cóiríocht thógála agus saoráidí d'ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas agus do chliaint an Stáit | Seirbhísí deartha agus bainistithe a sholáthar do riachtanais tógála agus maoine an Rialtais & chliaint an Stáit chun tacú Leis an straitéis um Bainistiú Sócmhainní Maoine | Sárchleachtas deartha, seirbhísí tógála agus tacaíochta a sholáthar atá ar an gcaighdeán is airde ó thaobh cáilíochta, costais agus cláir |

## Bainistiú Riosca i gCás Tuilte

***Fís:** Na tionchair a bhíonn ag tuilte abhann agus cósta ar an tsochaí, ar theaghlaigh, ar ghnólachtaí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú, trí threoir agus comhairle maidir le baol ó thuilte a sholáthar sa réimse pleanála inbhuanaithe, cuidiú le forbairt pobail chun go mbeidh teacht aniar iontu agus bearta maolaithe éifeachtacha a fheidhmiú do cheantair a bhíonn i mbaol*

| Cláir | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| Cur chuige 'Rialtais Iomláin' lánpháirtithe a chomhordú maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte | Comhairle beartais, tograí, straitéisí agus pleananna maidir le baol ó thuilte atá oiriúnach a sheachadadh | Cur chuige 'Rialtais Iomláin' lánpháirtithe maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte bunaithe ar bheartais náisiúnta cuí, straitéisí earnálacha & gníomhartha comhordaithe leagtha amach sna Pleananna Bainistithe Riosca i gCás Tuilte |
| An Clár MBPTA a fheidhmiú chomh maith leis na tionscnaimh bhainistithe agus mheasúnaithe riosca a bhaineann leis | Straitéisí fadtéarmacha do bhainistiú riosca i gcás tuilte a shainmhíniú, le haird ar na gnéithe poitéinsiúla maidir le hathrú aeráide | Clár tosaíochta d'infheistíocht chaipitil chun pobail a chosaint |
| Seirbhís Chomhairleoireachta a sholáthar don RCPRA agus d'Údaráis Phleanála | Tacú le pleanáil agus le forbairt inbhuanaithe | Forbairt nua laghdaithe i gceantair a bhíonn i mbaol tuilte agus athfhorbairt inbhuanaithe ar ionaid uirbeacha |
| Scéimeanna maidir le Cosaint Tuilte Chaipitil, Cosaint an Chósta agus Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach a fheidhmiú agus tacú le húdaráis áitiúla chun roinnt móroibreacha agus mionoibreacha a sheachadadh | Scéimeanna Faoisimh Tuilte (ag céimeanna éagsúla deartha, pleanála, feidhmiúcháin agus tabhairt chun críche), cainéil draenála éifeachtacha agus claífoirt agus réitigh áitiúla d'fhadhbanna tuilte áitiúla | Maoin, bonneagar iompair agus talamh talmhaíochta torthúil a chosaint i gceantair a dtarlaíonn tuilte go minic iontu, rud a chuireann le hinbhuanaitheacht na bpobal áitiúla |
| Cuidiú leis an bpobal ullmhú do thuilte agus teacht slán ina ndiaidh | Tacú le tionsncaimh áitiúla a chothóidh teacht aniar an phobail agus seirbhísí sonraí agus faisnéise maidir le baol ó thuilte a fhorbairt don phobal | Pobail níos sábháilte, a bhfuil teacht aniar iontu agus a bheidh ullmhaithe má tharlaíonn tuilte agus a fhéadfaidh teacht chucu féin ina ndiaidh |

| Cumasóirí Tábhachtacha | | |
|---|---|---|
| **Daoine, Próisis, Struchtúir Eagraíochta** | **Rialachas Corparáideach agus Acmhainní (Airgeadais)** | **Teicneolaíocht & Seirbhísí Roinnte** |
| Acmhainn agus cumais, bainistiú feidhmíochta, ceannaireacht agus scileanna a threisiú | Bainistiú airgeadais /acmhainní, meastóireacht feidhmíochta agus tomhas torthaí a fheabhsú | Úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht chun seirbhís feidhmíochta & custaiméirí den scoth a éascú agus a stiúradh |
| Próisis agus struchtúir a mheaitseáil chun seachadadh níos éifeachtúla a dhéanamh trí Athrú Gnó | Feidhmíocht bainistithe riosca, cuntasacht agus rialú airgeadais (inmheánach) a fheabhsú | Éifeachtúlacht níos fearr a chruthú trí ICT – córas bainistithe taifead a fheidhmiú |
| A bheith gníomhach agus a bheith i mbun cumarsáide níos éifeachtaí ag gach leibhéal | Faisnéis bainistithe gnó agus tuairisciú a fheabhsú | A bheith gníomhach i ngach tionscnamh Seirbhísí Roinnte |
| Cur le solúbthacht, éifeachtúlacht agus nuálacht chun Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn | Luach ar airgead a chinntiú | Seirbhísí Roinnte a chinntiú mar a bhíonn gá leo |
| Cumas a thógáil chun freagairt do dhúshláin agus chun feabhas a chur ar fheidhmíocht trí fheidhmiú Chlár Athnuachana na Státseirbhíse | Branda Oifig na nOibreacha Poiblí reatha a chur chun cinn feadh gach réimse den Oifig | |

## An Timpeallacht Oibríochta

Is é gairmiúlacht agus saineolas na foirne feadh speictream scileanna an-leathan príomhshócmhainn na hOifige agus seirbhís d'ardchaighdeán á seachadadh. Cuirtear a cuid gnó i gcrích i dtimpeallacht oibríochta atá casta agus dúshlánach. Cuireann mórán cúinsí, go hinmheánach agus go seachtrach, leis an gcastacht sin agus breithníodh iad agus an Ráiteas Straitéise seo á fhorbairt.

| Inmheánach | |
|---|---|
| • *Soiléireacht Rialála*<br>• *Rialachas Corparáideach*<br>• *Féachaint ar Chustaiméirí*<br>• *Fostaithe*<br>• *Cultúr*<br>• *Éagsúlacht*<br>• *Raon Scileanna & Saineolas*<br>• *Clúdach Náisiúnta*<br>• *An Cumas Freagartha*<br>• *Branda Seanbhunaithe* | • *Bearnaí Saineolais a thagann chun cinn*<br>• *An Líon Foirne laghdaithe*<br>• *Pleanáil Comharbais*<br>• *An Raon Gníomhaíochtaí Éagsúla*<br>• *Cumarsáid Inmheánach*<br>• *Raon Geografach* |
| **Tras-Rannach/Eagraíochta** | **Seachtrach** |
| • *Seirbhís Roinnte*<br>• *Plean Seachadta um Bainistiú Sócmhainní Maoine*<br>• *Bainistiú Riosca i gcás Tuilte*<br>• *Fáil*<br>• *Turasóireacht & Fóillíocht*<br>• *Beartas Ailtireachta Rialtais*<br>• *Cumhacht @ an Obair a bharrfheabhsú* | • *An Pobal*<br>• *An Timpeallacht Eacnamaíoch*<br>• *An Margadh Maoine*<br>• *An Tionscal Tógála*<br>• *Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí/ an Státseirbhís a Athnuachan*<br>• *Laghdú ar líon na Seirbhísí Poiblí*<br>• *Laghduithe Buiséid*<br>• *Creat Rialála*<br>• *Comparadóirí Idirnáisiúnta* |

## Ráiteas an Chathaoirligh

Clúdaíonn sainchúram Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) dhá phríomhréimse gnó agus is ionann iad agus Portfóilió Eastát a Bhainistiú (Seirbhísí Oidhreachta san áireamh) agus Bainistiú Riosca i gcás Tuilte. Leagtar amach leis an Ráiteas Straitéise seo cuspóirí OOP ina réimsí freagrachta do na blianta 2015 go dtí 2017.

I ndáil le Bainistiú Portfóilió Eastát, tá sé mar aidhm againn a bheith mar cheannródaí aitheanta ar bhainistiú agus ar chaomhnú ár bhfoirgneamh agus ár n-oidhreacht. Beidh sé mar thosaíocht againn iarrachtaí a dhéanamh ár bportfóilió maoine a réasúnú, costais chothabhála a laghdú agus ligean le maoine. Scrúdófar deiseanna chun ár Láithreáin Oidhreachta a chur i láthair líon níos mó daoine agus trí theicneolaíochtaí nua a úsáid.

Is í OOP an ghníomhaireacht cheannais do bhainistiú riosca i gcás tuilte in Éirinn. Is é an aidhm atá againn na tionchair a bhíonn ag tuilte abhann agus cósta ar an tsochaí, ar theaghlaigh, ar ghnólachtaí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú, trí threoir agus comhairle maidir le baol ó thuilte a sholáthar sa réimse pleanála inbhuanaithe, cuidiú le forbairt pobail chun go mbeidh teacht aniar iontu agus bearta maolaithe éifeachtacha a fheidhmiú do cheantair a bhíonn i mbaol.

Cuireann na réimsí feidhme sin muidne ag croílár spriocanna athchóirithe earnála poiblí an Rialtais. Tugtar aghaidh ar raon leathan saincheisteanna i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016, iad seo a leanas ina measc:

- Samhail seirbhísí roinnte a fheidhmiú maidir le hAcmhainní Daonna, párolla, pinsin, etc.
- Samhail ghnó nua a mheas maidir le seachadadh seirbhísí nach croíseirbhísí iad
- Réasúnú maoine
- Costais a laghdú, aghaidh a thabhairt ar dhúbailt agus deireadh a chur le dramhaíl chun tacú le cruthú post.

Tá OOP tiomanta go hiomlán don chlár athraithe leanúnach sa Státseirbhís agus a bhfuil sé mar aidhm leis cur le cumas chun freagairt do dhúshláin reatha agus do dhúshláin sa todhchaí agus feabhas a chur ar fheidhmíocht na Státseirbhíse agus na foirne. Soláthraíonn Plean Athnuachana na Státseirbhíse an creat chun athnuachan a dhéanamh ar an Státseirbhís sna trí bliana atá amach romhainn. Leagtar amach fís don Státseirbhís sa Phlean chomh maith le hathruithe praiticiúla a chruthóidh Státseirbhís a bheidh níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasaí, agus soláthrófar seirbhís den scoth don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Beidh ceannródaíocht láidir agus rannpháirtíocht ghníomhach chun an clár athraithe seo a fheidhmiú mar phríomhfhócas le linn na tréimhse. Déanfaidh OOP iarracht a chinntiú go mbeidh an fórsa saothair tionsclaíoch san áireamh laistigh den phróiseas athnuachana sin.

Tá a gcuspóirí agus a bpleananna leagtha amach ag OOP chun athchóiriú i ngach ceann de na réimsí sin a chinntiú. I gcomhar le seachadadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo a chinntiú, scrúdóidh an fhoireann in OOP bhonn leanúnach, gach gné agus feidhm de na gníomhaíochtaí gnó a bhíonn á ndéanamh agus aithneofar deiseanna maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr. Táimidne ag gníomhú lenár ngeallsealbhóirí feadh na seirbhíse poiblí níos leithne chun a chinntiú go ndéanfar an éifeachtúlacht seo a sheachadadh.

Tá dualgas ar OOP ceannródaíocht a dhéanamh ar na gnéithe oibríochta de chlár oibre athchóirithe na seirbhíse poiblí sa réimse straitéise maidir lenár maoine féin. Cé gur dúshlán a bheidh ansin dúinn sna trí bliana atá amach romhainn, táim muiníneach go bhfuil ár bhfoireann in ann ag na dúshláin atá romhainn agus go bhféadfaimid tarraingt ar theacht aniar, ar sholúbthacht agus ar dhúthracht gach duine a bhíonn ag obair laistigh d'OOP chun a chinntiú go gcinnteofar luach níos fearr ar airgead don cháiníocóir i ngach réimse oibríochta a mbímid gníomhach leo.

Clare McGrath
Cathaoirleach